Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Tá "quads" ar an Ard Ḃán ó ḃí deireaḋ na seaċtaine s' ċuaiġ ṫart ann. Tráṫ ḃí ceiṫre h-uain, trí cinn acu baineann, ag caora Cheḃiotaċ de ṫréad Ṗádraig Seon Ṗaidí Uí Ṡiail, ins an ḃuaile atá aige toir ar an Ġláib. Agus b'aisteaċ é go raiḃ ḋá ġamain ag ḃoin Séarsaí de ċuid Ḋenis Ṗat Uí Ġallċoḃair as an ḃaile céanna. Agus maidin lá arna ṁáraċ le ḃánaḋ an lae, nó b'ḟéidir roiṁe, ṫáinig lao óg ar an tsaol ó ḃó ḋuḃ de ċuid Ḋónaill Uí Ḋoċartaiġ ins na Dúnaiḃ — amuiġ sa ṗáirc ḃig ċois na trá faoi ḟuaċt agus faoi ṡiocán Earraig . . . agus ḃí ábalta siúl ċun an ḃoiṫiġ le n-a ṁáṫair nuair a ċuaiġ Dónall síos fá n-a gcoinne.

Cé go raiḃ aimsir ḋoineanta anróċ ann ar na mallaiḃ, tá na céadta lus-an-ċromċinn le feiceáil ag damsa faoi leoiṫní Earraiġ insan ċoillí ar ṫaoiḃ an ḃealaiġ ṁóir taoḃ ṫiar d'Óstán na Trá (an Beach Hotel). Agus na mílte plúirín-sneaċta faoi na crainn fan aiḃinne an Lodge, teaċ Liaim Ṁic Nutt, caṫaoirleaċ comlaċta ṁonarcan an éadaiġ anseo — eisean a raiḃ a ṗictiúr i bpáipéir Ḃaile Áṫa Cliaṫ i ndeireaḋ na seaċtaine; é féin agus Miċeál Ó Móráin, Aire Tailte agus Gaeltaċta, i mór-ṡiopa Ḃrown Thomas, i Sráid Ġraftoin, Áṫ Cliaṫ.

Tá ḋá ċeann d'ár gcuid óstán áitiúil le fosclaḋ in aicearaċt— Óstán Ċarraig Airt ar Lá Ḟéile Ṗádraig agus an Rosapenna timpeall an 28ú inst.

Táṫar ag feiṫeaṁ go cíocraċ ar Ḃille na dTailte a ċur i ḃfeidṁ fá'n ċeanntar seo go h-aiṫrid fá'n Taoḃ Ṫoir, an áit a ḃfuil na céadta acra gan curaíoċt dá laġaḋ aċ iad faoi ingilt ag ḃa agus buláin an stráinséara. Agus tá a lán lánúineaċ óg insan ċompall céanna naċ ḃfuil oireaḋ talaiṁ acu 's tógfaḋ ḃó a ṫaḃarfaḋ bainne dá gcuid naíonán! Dá luaiṫe a nglacfaiḋ Roinn na dTailte, seilḃ ar na rainsí Gallda seo, is aṁlaiḋ is fearr do ḋul ċun cinn na Gaeltaċta é.

Tá innealtóirí as Oifig an Posta gnoiṫeaċ ar na laeṫa seo ag tomas an ḃealaiġ-ṁóir ó Ċarraig Airt ċun na nDúine . . . bealaċ, adeir an tseanṁuintir, atá tomaiste agus atomaiste bliain indiaiḋ na bliana eile ó ṫáinig cuiṁne ċucu-san! Taḃarfaiḋ sé obair do ḃunaḋ na mbónaí mbán —aċ caiṫfiḋ an tír íoc as obair ṫar a céile mar seo. Tá na cuaillí gránna donna a sáiteaḋ síos le taoiḃ an ḃóṫair roiṁ Nollaig, táṫar le na dtarraingt arís, mar nár ṫaitin siad le Cumann Forbairte na nDúine. Tá na sreanga teileagraif agus teileafóin le cur faoi ṫalaṁ, mar rinneaḋ le déanaí ar feaḋ na sráide insan dá ḃaile seo.

Deirtear go gcaiṫfear na cuaillí móra arda ar a ḃfuil cáblaí an E.S.B. ceangailte, go gcaiṫfear a n-aṫraċ ó ṫoiġ Aindí Ṗádraig Ṁic Ṗáidín síos fad leis an Oileán Rua, ar eagla go mbeaḋ siad contúirteaċ ag eitleáin a ḃeaḋ ag tuirlingt le teaċt i dtír ar an aerfort nua atá le bunú san áit a raiḃ an caisleán ag Tiarna na Bóinne, sul ar cuireaḋ as aṁarc go deo é faoin stoirm-ġaiṁ a ḃí ann sa ḃl. 1806.

Tá ḋá ṗobal na paróiste, an Stella Maris ag bun Ġania agus séipéal Naoṁ Eoin Baiste i gCarraig Airt, tá siad ag teaċt isteaċ go tapaiḋ 'gus go fónta ar na h-aṫruiṫe liotúirge atá tagṫa ar an Aifreann ó ḃí tús an Cargais ann. Bíonn an comar guíṫeoċreaċta i nGaeilge ag Aifreann a' deiċ ag Bun Ġania. Tá creidiúint mór tuillte ag an tsagart óg, an tAṫair Dónall Mac Suiḃne, Seiplíneaċ, arḃ' éigean dó iomlán curaim a ġlacaḋ air féin, gan ċuidiú ó aon duine mar tá sagart na paróiste, an Monsignor Oir. Mac Loċlainn, D.Sc., lag go leor ina leaga go fóill indiaiḋ dul faoi scian an doċtúir in Ospidéal Condae, Leitir Ceanainn ar an mí seo a ċuaiġ ṫart.

Ḃí basár Seaċtaine ag Cumann Óganaċ na nDúine insan Ċoláiste Gaeilge i nDoire a' Ċasáin agus ḃí lán-tí acu gaċ aon oíċe. Seo é an áit a mbíonn an Imċluiċe Fuist acu gaċ oíċe Aoine anois, mar ḃí an oireaḋ sin oibre ag teaċt isteaċ ċun na Monarċan gurḃ eigean do ṁuintir Ṁic Nutt tuilleaḋ foirne a ṫaḃairt isteaċ agus tuilleaḋ fairsinge a ḟáil dóiḃ i halla ar na nDúine ós cionn na Cé.

Ratáí Ollṁóra Dún na nGall

Tá cuid rátaí Ḋún na nGall le dul suas 8s. 1½d. eile i mbliana go dtí an ráta is áirde ariaṁ sa ċondae —72s. 7½d. sa £.

Socraíoḋ é seo ag cruinniú den Ċoṁairle Condae nuair a glacaḋ le figiúirí a ḃéarfaḋ ráta de 77s. 7½d. sa £ den ḃliain seo ċugainn, árdú de 8s. 1½d. ar anuraiḋ.

Ḃí an Bainisteoir Condae ag iarraiḋ ráta de 76s. 6d. sa £. Tá mí-ṡásaṁ millteanaċ fríd an ċondae faoi ráta ċoṁ h-árd seo—ḋá uair ċoṁ h-árd le cuid de na condaeṫa san Oirṫear, a ḃfuil seirḃísí i ḃfad níos fearr acu, i sláinte agus i ngnóṫaí eile ná mar atá le fáil i nDún na nGall.

Caiṫfear rud éigin a ḋéanaṁ leis na rátaí a ċoṫromú. Is fada ó ḃí ciste coṫromaiṫe ráta ag teastáil, an gnáṫ ḃarúil atá fríd Ḋún na nGall, san am i láṫair.

An Forás Riaraċáin

4 Márta, 1965.

A Ċara,

Ins an bPáipéar Bán a d'ḟoillsiġ an Rialtas le goirid tá an méid seo leanas ráite in Alt 30:

"Tá an Rialtas ag súil freisin le comoibriú ó na comlaċtaí go léir seaċas na Státċomlaċtaí a ḃfuil baint acu le riaraċán poiblí, cuir i gcás na páirtiṫe polaitíoċta, na h-údaráis áitiúla, na cumainn foirne, agus an Forás Riaraċáin."

Tá faoin ḃForás Riaraċáin gaċ ní is indéanta a ḋéanaṁ d'ḟonn cuidiú le beartas an Rialtais i leiṫ na teanga a ṫaḃairt i gcríoċ. Ċuige sin tá scrúdú dá ḋéanaṁ ar imeaċtaí an Ḟorais féaċaint cé méid is indéanta an Ġaeilge d'úsáid ionntu. Idir dá linn áṗaċ is mian leis an ḃForas a ċur in iúl go ḃfáilteóċar roiṁ ċoṁfreagras i nGaeilge ó ḃaill an Ḟorais agus ó ḋaoine eile. Cuirfear clár an Scoil Riaraċáin Poiblí amaċ i nGaeilge agus i mBéarla i mbliana.

Fáilteoċaiḋ an Foras roiṁ moltaí faoi bealaí ina ḃféadfaí úsáid na Gaeilge in obair an Ḟorais do ṁéadú.

Mise, le meas,

T. S. Carrṫaiġ,
Stiúrṫóir.

Cad é an Ṁaiṫ le Scrúdúċáin

Cloisim sna seomraí scoile é! Cloisim ar ṗáirc an imearṫa é! Cloisim ag gaċ aon ċúinne é! Pé áit ina mbíonn scata daltaí bailiṫe le céile 'sé an port céanna a ḃíonn á ṡeinnt acu go léir — "Cad é an maiṫ le scrúdúċáin, nó cé'n amadán a ċuir tús leo ó ṫalaṁ an doṁain?"

Bíonn na scrúdaiṫe mallaiṫe seo ciontaċ i gcóir an ċuid is mór de buairte agus mí-ṡástaċta an dalta, gan tráċt ar an méid díḃ a éiríonn tinn agus iad ag iarraiḋ an ċraoḃ a ḃreiṫ leo. Tá gaċ uile duine ag gearáin agus ag casaoid faoi scrúdaiṫe agus deirtear nár ċeart scrúdaiṫe a ḃeiṫ le déanaṁ againn ar ċor ar biṫ. Aċ, mo leán ġéar, cé tá ann ionadaí a solátar dúinn ina n-áit?

Gan aṁras ar biṫ tá gá mór le scrúdaċáin sa lá atá inniu ann. Cé'n sórt saol a ḃéaḋ ann ina h-éamais? Ḃéaḋ gaċ rud i n-a rí rá agus ina rúille buille. Naċ gcaḃraíonn na scrúdaiṫe le saoil níos taiṫneaṁaí a sona a ḋéanaṁ dúinn, "sa ġleann seo na ndeor." 'Siadsan a ġeiḃeann amaċ an duine is fearr a oirfeaḋ do gaċ ṗoist, ċoṁ maiṫ leis an duine a ṫuilleann an duais beag nó an scoláireaċt táḃaċtaċ. Déanann na scrúdaiṫe, ar scoil, a ḃíonn ag deire gaċ téarma, a lán maiṫeasa cé naċ i gcónaí a ċíteár é. Déanann siad idirḋealú idir na scoláirí atá ag obair go dian díċeallaċ, gan sos, gan staonaḋ agus ná falsóirí a ḃfuil ar a sáimín só. Taispeánann siad na nearráidí dúinn agus ba ċeart dúinn iarraċt dáiríre a ḋéanaṁ ċun sinn féin do ḟeaḃsú san am atá le teaċt. Tá a lán feidṁeanna agus buntaistí eile ag scrúdaiṫe ċoṁ maiṫ.

Aċ cad mar ġeall ar na mí-buntáistí! Uaireanta nuair a ḃíonn dalta taréis oibre ar a ṡeaċt noíċill, ṫarlaíonn go dtuiteann an lug ar an log dó ag an scrúdú. B'ḟéidir go raiḃ sé beagáinín neirḃíseaċ nó go ḃfuair sé an t-aon ċeist aṁáin naċ raiḃ ar eolas aige. Éiríonn go hana ṁaiṫ le leisceoir eile naċ raiḃ aċ an t-aon ċeist sin ar eolas aige. Ḃí an t-áḋ leis áṗaċ! Is minic a ċailleann an duine mí-ḟortúnaċ seo a misneaċ agus déanann sé dearmad gurḃ é toil Dé gaċ rud a ṫiteann amaċ. Nár ṫeip ar cuid des na Naoṁ, go ḃfuil clú agus cáil orṫa anois, i scrúdaiṫe, mar ṡampla Naoṁ Iosep de Cupertino.

Tá rud eile a lagdaíonn misneaċ daoine áiriṫe. Deireann siad go ḃfaiġiḋ duine éigean éigean eile an post, toisc go ḃfuil "tarraingt" áiriṫe acu. Tá aṫair Máire ina trioċa colceaṫair don Uasal de Ḃalera nó díol sean-aṫair Áine gaḃair d'aṫair an ḟir atá i ḃfeiġil an ċomlaċta. Daoine go ḃfuil smaointe mar sin go doċt ina gcinn acu sílim féin naċ ḃfuil siad aċ caol-aigeantaċ. Ní ṫarlaíonn mórán den lúbaireaċt úd anois.

Ceapaim féin go gcoimeádann múinteoirí, go mór ṁór sa tír seo, leis an ċúrsa le h-agaiḋ na scrúdaiṫe agus leagann siad béim ró-ṁór orṫa. Ba ċeart dóiḃ níos mó eolais ginearálta a ṫaḃairt dóiḃ, dar liomsa. Cuireann siad pictiúr uafásaċ ós coṁair na bpáistí ina ḃfuil scrúdaiṫe daite mar rud uafásaċ — "Má ṫeipeann ort beiḋ tú náiriṫe go deo," agus mar sin de. Tugann scrúdaiṫe láṁ cúnta dúinn agus dá ḃfeicfeaḋ na daltaí boċta iad sa "solais" seo, ḃéaḋ dearcaḋ nua acu orṫa. "Ní hé lá na gaoiṫe lá na scolb," agus má oibríonn na daltaí go díċeallaċ gaċ aon lá ní foláir nó go ḃfaiġiḋ siad toraḋ an-ṁaiṫ. Bíonn imní an doṁain ar daoine go ḃfuil scrúdú le déanaṁ acu. Aontaím go ḃfuil gaċ scrúdú táḃaċtaċ aċ ba ċeart ċuiṁniú naċ ḃfuil aċ ceann aṁáin go rí-ṫáḃaċtaċ — 'sé sin an ceann ar lá an Ḃreiṫiúnais agus ma éiríonn linn ag an ceann sin béimíd ar ndruim na muice.

Máire Ní Duḃṫaiġ, Cloċar Mainistir, Cara Droma Rúisc, Co. Liaṫdroma.

Litir

Scríoḃ saiġdiúir ċuig na máṫair uair aṁáin litir a ṫug sólas croí di. Seo an scéal a d'inis sé di—"Le cúpla lá ḃí mé i bpaṫaċ go mór de ḋul ċuig Faoistin aċ ní raiḃ sagart ar biṫ againn san áit seo. Ag siúl síos ḃóṫar dom, liom féin aṁáin, ṫosaiġ mé ag feadġail ceann de na h-aṁráin diaḋa is fearr liom. "A Ṁáṫair ṁilis," agus ag cuiṁniú go ḃfuil cúram Ṁuire againn i gcónaí. Ḃí fios aici caidé ba ṁaiṫ liom ansin díreaċ. Ṫart coirnéal liom ag feadġail, agus feicim ċugam oifigeaċ. D'eannaiġ mé dó, agus arsa seisean liom, "Caitliceaċ tusa a ġasúir?" "Is ea, cinnte," arsa mé féin. "Sin a ṡíl mé ón t-aṁrán a ḃí tú a feadġail," arsan t-oifigeaċ. Lean sé leis ag caint: "An raiḃ tú ag Faoistine le tamall Is sagart Caitliceaċ mise! "Tá 'n t-áḋ orm liom," arsa mé féin. Tusa a ḃí mé ag iarraiḋ ar Ṁuire, Ṁáṫair Dé! Ba ṁaiṫ liom ḋul ċuig Faoistine agus ba ṁaiṫ le mo ċomráidí mo ḋiaiḋ ansiúd ḋul fosta?

An dtiocfaiḋ tú ċugainn anois a Aṫair? "Tiocfaiḋ agus fáilte,' 'arsan sagart. Agus ḃí cinnte de, go dtáinig grásta Dé anuas go flaiṫiúil, an lá sin ar a lán saiġdiúirí mar ġeall ar an dóċas a ḃí ag duine aṁáin i dtárrṫáil Muire Máṫair Dé.

— — — — —

Pádraig: Ar ċuala tú fá'n fear a d'iarr an cailín i ngaráiste?"

Antoine: Níor ċuala. Caidé ṫárla?

Pádraig; Ní tiocfaḋ leis cúlú as!

Díoltóir: Téann níos mó ná 500 elefaint aċan ḃliain ag déanaṁ eoċraċa piánó dúinn.

Ceannaíoṫóir: An abrann tú sin liom? Naċ aisteaċ go dtug iad a ṫréanáil le sin a ḋéanaṁ?!

— — — — —

Treoraí pictiúra: Ara a ḋuine cuir níos mó beaṫa sa páirt sin anois díreaċ. Tá tusa in-ainm a ḃeiṫ ag fáil ḃáis san gcuid sin den scéal!

— — — — —

Gárda: Caidé do ḃarúil-se fá siḃialtaċt?

Gárda eile: Sílim gur maiṫ an ḃarúil é. Ba ċeart do ḋuine éigin tús a ċur leis!

— — — — —

Eisean: An raiḃ deacraċt ar biṫ agat i bPárais le do ċuid Fraincis

Ise: Ní raiḃ maise, aḃ ḃí deacraċt go leor ag na Frainnċáisiġ déarfainn!

— — — — —

Cléireaċ-Bannc — Rinne tú dearmad síniú a ċur ar an "a" sin id' ainm.

Patrún — Ar miste leat é ċur air dom le do toil?

Cléireaċ: Tá mé buarta, aċ caiṫfiḋ sé ḃeiṫ san láiṁ-scríḃinn céanna tá's agat!

— — — — —

Fear — Níl an t-anḃraiṫ seo maiṫ go leor do ṁuic.

Freastálaí — Mar sin, ġeoḃaiḋ mé anḃraiṫ a ḃéas!

"Beatha teanga a labhairt; buanú teanga a scríobh"

ÉCOUTER ET PARLER

Eagarthóir Gaeilge : COLMÁN Ó HUALLACHÁIN, O.F.M.
Na hÚdair : COTÉ - LEVY - O'CONNOR.

Leabhar do lucht tosaithe ar an bhFraincis. Tá an modh múinte bunaithe ar an tuiscint gur ceart scileanna teanga a fhoghlaim san ord seo : cloisteáil, labhairt, léamh, scríobh.

Léaráidí le **WALTER EINSEL**

TÉIPEANNA— téipeanna don leabhar ar fáil freisin. Iad ceadaithe faoin scéim chun deontais a íoc i leith soláthar gléasra mar chabhair do mhúineadh nua-theangacha i meánscoileanna aitheanta.

376 lch. Praghas 8/-

Réidh sa tSamhradh 1965 . . . **VERSTEHEN und SPRECHEN**
Leabhar do lucht tosaithe ar an nGearmáinis

FOILSEACHÁIN RIALTAIS
Stuara Ard-Oifig an Phoist
Baile Átha Cliath
nó ó dhíoltóirí leabhar

AN GÚM

Cupón

Amáraċ

19-3-1965.